Cabhair Deontais do Thionscadal

Leagtar amach sa tábla thíos an t-uasmhéid cabhair deontais LEADER a d'fhéadfadh a bheith ceadaithe do chineálacha éagsúla tionscadail. (Uíbh Fhailí)

Cineál an Tionscadail	Iarratasóir	Uasráta Cabhrach	Uasleibhéal Cistíochta
Tionscadal Pobail nach mbaineann Beartaíocht Eacnamaíochta leis	Pobail	Suas le huasráta 75%	€500,000
Tionscadal Pobail lena mbaineann Beartaíocht Eacnamaíochta	Pobail	Suas le huasráta 75%	€200,000
Infheistíocht & cúnamh eile (lena n-áirítear bolscaireacht a dhéantar mar chuid de chur i bhfeidhm an tionscadail)	Príobháideach	Suas le huasráta 50%	€200,000
	Pobail	Suas le huasráta 75%	
	Tionscadal pobail faoin bhfothéama maidir le seirbhísí áisiúla do dhreamanna dochaidrimh	Suas le huasráta 75%	
Anailís agus Forbairt	Príobháideach	Suas le huasráta 75%	€30,000
	Pobail	Suas le huasráta 90%	
Oiliúint	Príobháideach nó Pobail	Suas le huasráta 100%	€200,000

Láithreán gréasáin LEADER

Tá an t-eolas ar fad a bhaineann le LEADER le fáil ar líne: www.gov.ie/LEADER

Liosta seiceála do thionscnóirí maidir le cistíocht LEADER

Nuair a bhíonn próiseáil á dhéanamh ar iarratas, ní mór do thionscnóirí tionscadail:

- ✓ Cloí le Rialacháin an AE, Rialacha Oibriúcháin LEADER 2023-2027, agus an Straitéis Forbartha Áitiúil
- ✓ Cinntiú go gcloítear leis na coinníollacha reachtúla ar fad, e.g. rialacha soláthair phoiblí, na rialacháin áitiúla pleanála etc.
- ✓ Aon athruithe a tháinig chun cinn maidir leis an tionscadal aontaithe nach rabhthas ag súil leo a chur in iúl don GÁG
- ✓ Cloí le coinníollacha maidir le cúrsaí faisnéise agus poiblíochta i ndáil le tionscadail arna maoiniú faoi LEADER
- ✓ An cháipéisíocht ar fad atá riachtanach a choinneáil agus a chur ar fáil chun críocha cigireachta agus/nó iniúchóireachta
- ✓ Feidhmiú mar thionscnóirí maoinithe ar feadh cúig bliana ón dáta a raibh na híocaíochtaí deiridh deontais faighte ó LEADER

Offaly Local Development Company
W: www.offalyldc.ie
E: info@offalyldc.ie
P: 057 9322850

Rialtas na hÉireann Government of Ireland
Tionscadal Éireann Project Ireland 2040
Arna chomhchistiú ag an Roinn Forbatha Tuaithe agus Pobail Co-funded by the Department of Rural and Community Development
Ár dTodhchaí Tuaithe Our Rural Future
Arna chomhchistiú ag an Aontas Eorpach Co-funded by the European Union

Clár LEADER 2023 - 2027

Bileog Eolais

Maidir le LEADER

Cur chuige faoi stiúir an phobail maidir leis an bhforbairt áitiúil atá i gceist le LEADER. Trí Plean Straitéiseach CBT na hÉireann 2023 – 2027 a chuirtear cistí ar fáil. Tá sé ar bun in Éirinn ó cuireadh tús leis in 1991. Tar éis cúig cinn de thréisí feidhmiúcháin as a chéile, tá LEADER tagtha chun cinn go bhfuil ar an bpríomhbheart idirghabhála a bhaineann le beartas an AE i ndáil le forbairt na tuaithe.

Tugann LEADER cúnamh do fiontair phríobháideacha agus grúpaí pobail a chuireann feabhas ar chaighdeán na beatha agus ar ghníomhaíocht gheilleagrach i gceantair tuaithe. Craobhchóras de Ghrúpaí Áitiúla Gníomhaíochta (GÁGanna) a roghnaíodh chun Straitéisí Forbartha Áitiúla (SFÁnna nó Straitéisí) a chur i bhfeidhm ina limistéar tíreolaíochta féin a chuireann an clár i bhfeidhm.

Téamaí agus fothéamaí LEADER

Glacann clár LEADER le hiarratais atá bunaithe ar thionscadail a chuireann feabhas ar:

Téama 1 - Forbairt Eacnamaíochta agus Cruthú Fostaíochta

- An Geilleagar Glas
- Iléagsúlú na Talmhaíochta
- Turasóireacht & Áineas faoin Tuath
- Forbairt Fiontraíochta
- Táirgeadh Bia faoin Tuath
- Fiontair Shóisialta, Pobail & Comharchumainn

Téama 2 - Bonneagar Tuaithe & Cuimsiú Sóisialta

- Bonneagar Tuaithe
- Seirbhísí atá Inrochtana
- Barrfheabhas maidir le Cónascacht Dhigiteach
- Óige na Tuaithe

Téama 3 - Forbairt Inbhuanaithe Thimpeallacht na Tuaithe & Maolú agus Cóiriú maidir leis an Athrú Aeráide

- Forbairt Inbhuanaithe Thimpeallacht na Tuaithe
- Cothú Acmhainne maidir leis an Athrú Aeráide
- Maolú agus Cóiriú maidir leis an Athrú Aeráide

Limistéir atá inghlactha maidir le cistíocht LEADER

Chomh fada agus a bhaineann le clár LEADER in Éirinn, tugtar de shainmhíniú ar cheantair thuaithe gach cuid d'Éirinn ach amháin réimsí atá laistigh de theorainneacha cathrach na gcathracha is mó mar seo a leanas, Baile Átha Cliath, Corcaigh, Luimneach, Port Láirge agus Gaillimh.

Grúpaí Áitiúla Gníomhaíochta (GÁG)

Is é an GÁG an príomhchomhlacht maidir le córas ''cur chuige ón mbonn aníos'' cur i bhfeidhm LEADER, agus atá freagrach as tionscadail laistigh dá limistéar tíreolaíochta féin a roghnú agus cistí a cheadú ina leith.

Is iondúil go mbíonn comhaltaí tofa agus oifigigh údaráis áitiúil ar an GÁG chomh maith le hionadaithe lucht gnó, ionadaithe ó earnáil na n-eagraíochtaí pobail agus deonacha, ionadaithe maidir le forbairt áitiúil, ionadaithe maidir le leasa feirmeoireachta, gníomhaireachtaí stáit, etc.

Straitéis Forbartha Áitiúil (SFÁ)

Plean faoi stiúir an phobail tuaithe is ea an SFÁ a leagtar amach i gcomhar leis an GÁG ionas go dtreisítear leis an bhforbairt inbhuanaithe ar a gceantar tuaithe féin.

Inghlacthacht an tionscadail

Chun go mbeadh tionscadal inghlactha maidir le cistíocht LEADER, ní mór an tionscadal a bheith comhoiriúnach do na bearta atá leagtha amach san SFÁ aontaithe sa cheantar tíreolaíochta lena bhaineann, agus a bheith sásúil maidir le Rialacháin de chuid an AE agus na Rialacha Oibriúcháin i bhfeidhm don chlár

Tá sonraí maidir le hearnálacha agus bearta nach bhfuil inghlactha le fáil ar liosta i Rialacha Oibriúcháin LEADER 2023-2027, atá le fáil ar láithreán gréasáin LEADER: www.gov.ie/LEADER.

Incháilitheacht thionscnóir an tionscadail

Is duine, grúpa nó eagras eile (e.g. cuideachta) an tionscnóir tionscadail a chuireann iarratas ar chistí chuig an GÁG agus, sa chás go n-éiríonn leis an iarratas, a dtugtar conradh dó maidir leis an tionscadal aontaithe a chur í gcrích.

Caithfidh tionscnóir an tionscadail a léiriú gur féidir leo rannaíochtaí meaitseála a chur ar fáil chun na costais iomlána a bhaineann leis an tionscadal a chlúdach agus a chinntiú go mbeidh an tionscadal ag feidhmiú mar ar cuireadh cistíocht ar fáil lena aghaidh ar feadh tréimhse cúig bliana ó dháta na híocaíochta is deireanaí maidir le cabhair deontais LEADER.

Conas iarratas a dhéanamh ar chistíocht LEADER

Ba chóir d'iarratasóirí ionchasacha teagmháil a dhéanamh lena nGÁG trína Páirtnéir Forfheidhmiúcháin (má bhaineann le hábhar) chun léiriú spéise a chlárú agus chun plé a dhéanamh ar inghlacthacht an tionscadail agus an chistíocht a d'fhéadfadh a bheadh ar fáil. Is féidir Foirmeacha Léiriú Spéise (LS) a fháil ó do GÁG áitiúil.

Déan teagmháil le do GÁG áitiúil

Tá liosta de na GÁGanna go léir, na Páirtnéirí Forfheidhmiúcháin agus na sonraí teagmhála le fáil ar láithreán gréasáin na Roinne:

LEADER

Forbairt á stiúradh ag pobail áitiúla